



Cén t-eolas a thugann an graf seo duit?



Faic na ngrást an freagra. Ba chabhair é teideal a bheith againn fiú.

Mar sin, cad faoin gceann seo?


How 13 to 18 year olds Travel to School



Ar a laghad is eol dúinn anois ábhar na cairte, ach cad is brí leis na sliseanna éagsúla?

An rud atá uainn ná **lipéid shoiléire**. Déanfaimid iarracht eile:

Methods of Travelling to school




Tá sé seo níos fearr ach tá rudaí ar iarraidh fós.

Cad iad, dar leat?

Tá an ceart agat - ní mór dúinn an dá dhath i ngach barra a bheith ar eolas againn agus an áit as a dtáinig na sonraí chomh maith.

Déanfaimid iarracht amháin eile:

Methods of Travelling to School



Ar deireadh, barrchairt a thabharfaidh eolas úsáideach dúinn.

Cuimhnigh i gcónaí:

TEIDEAL LIPÉID EOCHAIR

Anois, tarraing barrchairt **úsáideach** de na sonraí a thugtar thíos nó de shonraí a bhailigh tú féin.

Modh Taistil	De shiúl	Bus	Carr	Rothar	Traein	Eile
Líon na nDaoine	16	8	12	4	0	1